



Uimhir 31 de 1991

An tAcht um Dhamáiste Coiriúil, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 31 de 1991

AN tACHT UM DHAMÁISTE COIRIÚIL, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Damáiste a dhéanamh do mhaoín.
3. Bagairt damáiste a dhéanamh do mhaoín.
4. Aon rud a shealbhú le hintinn damáiste a dhéanamh do mhaoín.
5. Rochtain neamhúdaraíthe sonraí.
6. “Gan leithscéal dleathach”.
7. Imeachtaí.
8. Dlíinse na Cúirte Dúiche.
9. Ordú cúitimh.
10. Ordú cúitimh a fhionraí fad a bheidh achomharc ar feitheamh.
11. Éifeacht ordaithe cúitimh ar imeachtaí sibhialta.
12. Gabháil gan bharántas.
13. Barántas cuardaigh.
14. Mionathruithe agus athruithe iarmhartacha ar an dlí láithreach.
15. Aisghairm.
16. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

<i>Children Act</i> , 1908	1908, c. 67
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976	1976, Uimh. 14
An tAcht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1940	1940, Uimh. 23
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976	1976, Uimh. 27
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Céilí agus Leanaí a Chosaint), 1981	1981, Uimh. 21
An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989	1989, Uimh. 6
<i>Malicious Damage Act</i> , 1861	1861, c. 97
<i>Police (Property) Act</i> , 1897	1897, c. 30
<i>Probation of Offenders Act</i> , 1907	1907, c. 17
<i>Telegraph Acts</i> , 1863 to 1916	



Uimhir 31 de 1991

AN tACHT UM DHAMÁISTE COIRIÚIL, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN DLÍ I nDÁIL LE CIONTA A BHAINNEANN LE
DAMÁISTE DO MHAOIN AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I
dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [27 Nollaig, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Léiriú.

tá le “ordú cúitimh” an bhrí a shanntar dó le halt 9 (1);

folaíonn “damáiste a dhéanamh”—

(a) i ndáil le maoín seachas sonraí (ach meán stórála ina gcoinnítear sonraí á áireamh), í a dhíothú, a aghlot, a dhíchóimeáil nó, cibé acu go sealadach nó ar shlí eile, í a dhéanamh neamh-inoibrithe nó neamhoiriúnach lena húsáid nó a hoibriú a chosc nó a dhochrú,

(b) i ndáil le sonraí—

(i) iad a mhéadú, a athrú, a lot, a scriosadh, nó a aistriú go dtí meán stórála eile nó go dtí suíomh eile sa mheán stórála ina gcoinnítear iad (cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar dá bharr sin do mhaoín seachas sonraí), nó

(ii) gníomh ar bith a dhéanamh a chabhraíonn lena chur faoi deara go ndéanfar an méadú, an t-athrú, an lot, an scriosadh nó an t-aistriú sin,

(c) gníomh ar bith a dhéanamh laistigh den Stát a dhéanann damáiste do mhaoín lasmuigh den Stát,

(d) gníomh ar bith a dhéanamh lasmuigh den Stát a dhéanann damáiste do mhaoín laistigh den Stát, agus

(e) faillí a dhéanamh is bun le damáiste,

agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “sonraí” faisnéis i bhfoirm inar féidir í a rochtain le ríomhaire agus folaíonn sé ríomhchlár;

ciallaíonn “maoin”—

(a) maoin de chineál intadhaill, réadach nó pearsanta, lena n-áirítear airgead agus ainmhithe is inghoidte, agus

(b) sonraí.

(2) Chun críocha an Achta seo áireofar maoin mar mhaoín de chuid aon duine—

(a) a bhfuil coimeád nó rialú dlíthiúil aige uirthi,

(b) a bhfuil aon cheart nó leas dílseánaigh aige inti (nach leas cothromais é nach dtagann i gceist ach amháin de bharr comhaontaithe chun leas a aistriú nó a dheonú), nó

(c) a bhfuil muirear aige thairsti.

(3) Más rud é, i dtaca le cion faoi alt 2, 3(a) nó 4(a)—

(a) gur áras teaghlaigh an mhaoín áirithe de réir bhrí an Achta um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976, agus

(b) maidir leis an duine a chúisítear—

(i) gurb é céile an duine a chónaíonn, nó atá i dteideal cónaí, san áras é, agus

(ii) gur duine é is ábhar d’ordú cosanta nó d’ordú urchoisc (de réir bhrí an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Céilí agus Leanaí a Chosaint), 1981, i ngach cás acu) nó atá eisiata ón áras de bhun ordú faoi alt 16(a) den Acht um Idirscaradh

Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989, nó
aon ordú eile ó chúirt,

beidh éifeacht le hailt 2, 3(a) agus 4(a) ionann is dá mba thagairtí don
áras na tagairtí ann d'aon mhaoín de chuid duine eile, cibé caoi a
dtuairiscítear iad.

(4) I gcás maoin a bheith faoi réir iontaobhais, measfar chun críocha
an Achta seo go bhfoláionn na daoine ar leo an mhaoín aon duine a bhfuil
an ceart aige an t-iontaobhas a fhorfheidhmiú.

(5) Déanfar maoin de chuid corparáide aonair a áireamh chun
críocha an Achta seo mar mhaoín leis an gcorparáid d'ainneoin folúntais
inti.

(6) San Acht seo—

(a) déanfar tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú, mura n-éilíonn an
comhthéacs a mhalairt, mar thagairt don achtachán sin arna
leasú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin, nó faoi aon
achtachán dá éis sin, lena n-áirítear an tAcht seo,

(b) aon tagairt d'alt is tagairt í d'alt den Acht seo, mura gcuirtear in
iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(c) aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír is tagairt í don
fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an
tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá
beartaithe.

2.—(1) Aon duine a dhéanfaidh, gan leithscéal dleathach, damáiste d'aon mhaoín de chuid duine eile, le hintinn damáiste a dhéanamh d'aon mhaoín den sórt sin nó ag gníomhú dó go meargánta ó thaobh damáiste a dhéanamh d'aon mhaoín den sórt sin, beidh sé ciontach i gcion. Damáiste a dhéanamh do mhaoín.

(2) Aon duine a dhéanfaidh, gan leithscéal dleathach, damáiste d'aon mhaoín cibé acu dá chuid féin nó de chuid duine eile—

(a) le hintinn damáiste a dhéanamh d'aon mhaoín nó ag gníomhú dó go meargánta ó thaobh damáiste a dhéanamh d'aon mhaoín, agus

- (b) le hintinn, tríd an damáiste a dhéanamh, beatha duine eile a chur i mbaol nó ag gníomhú dó go meargánta ó thaobh beatha duine eile a chur i mbaol dá bharr,

beidh sé ciontach i gcion.

- (3) Aon duine a dhéanfaidh damáiste d'aon mhaoín, cibé acu dá chuid féin nó de chuid duine eile, le hintinn calaois a dhéanamh, beidh sé ciontach i gcion.

- (4) Aon chion a dhéanfar faoin alt seo trí dhamáiste a dhéanamh do mhaoín le tine, is cúiseamh coirloiscithe a bheidh ann.

- (5) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air, agus

- (b) ar é a chiontú ar díotáil—

- (i) i gcás an duine a bheith ciontach i gcoirloiscadh faoi fho-alt (1) nó (3), nó i gcion faoi fho-alt (2) (cibé acu is coirloiscadh é nó nach ea), fineáil nó príosúnacht saoil, nó iad araon, a chur air, agus

- (ii) i gcás an duine a bheith ciontach in aon chion eile faoin alt seo, fineáil nach mó ná £10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air.

- (6) Tá duine meargánta chun críocha an ailt seo má chonaic sé roimh ré go bhféadfadh go ndéanfaí an damáiste a rinneadh iarbhír agus mar sin féin go ndeachaigh sé i bhfiontar leis.

Bagairt damáiste a dhéanamh do mhaoín.

3.—Aon duine a dhéanfaidh, gan leithscéal dleathach, bagairt ar dhuine eile, le hintinn go mbeadh faitíos ar an duine eile go gcuirfí i gcrích í—

- (a) chun damáiste a dhéanamh d'aon mhaoín de chuid an duine eile sin nó de chuid tríú duine, nó

- (b) chun damáiste a dhéanamh dá mhaoín féin ar chaoi is eol dó is dócha a chuirfidh beatha an duine eile sin nó tríú duine i mbaol,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífear—

- (i) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air, agus
- (ii) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air.

4.—Aon duine (dá ngairtear an sealbhóir san alt seo) a mbeidh aon rud ina choimeád nó faoina rialú aige agus é ar intinn aige, gan leithscéal dleathach, é a úsáid nó a chur faoi deara nó a cheadú do dhuine eile é a úsáid—

Aon rud a shealbhú le hintinn damáiste a dhéanamh do mhaoín.

- (a) chun damáiste a dhéanamh d'aon mhaoín de chuid duine éigin eile, nó
- (b) chun damáiste a dhéanamh dá mhaoín féin nó do mhaoín an úsáideora bheartaithe—
 - (i) ar chaoi is eol dó is dócha a chuirfidh beatha duine seachas an sealbhóir i mbaol, nó
 - (ii) le hintinn calaois a dhéanamh,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífear—

- (A) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air, agus
- (B) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air.

5.—(1) Aon duine a dhéanann, gan leithscéal dleathach, ríomhaire a oibriú—

Rochtain neamhúdaráithe sonraí.

- (a) laistigh den Stát le hintinn aon sonraí a choinnítear laistigh nó lasmuigh den Stát a rochtain, nó
- (b) lasmuigh den Stát le hintinn aon sonraí a choinnítear laistigh den Stát a rochtain,

beidh sé, cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann sé aon sonraí a rochtain, ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air.

(2) Tá feidhm ag fo-alt (1) cibé acu a bhí sé nó nach raibh sé ar intinn ag an duine aon sonraí áirithe nó aon earnáil áirithe sonraí nó sonraí a choinníonn aon duine áirithe a rochtain.

“Gan leithscéal dleathach”.

6.—(1) Baineann an t-alt seo—

(a) le haon chion faoi alt 2(1) nó 5,

(b) le haon chion faoi alt 3 seachas cion lena ngabhann bagairt ag an duine a chúisítear chun damáiste a dhéanamh do mhaoín ar chaoi is eol dó is dócha a chuirfidh beatha duine eile i mbaol, agus

(c) le haon chion faoi alt 4 seachas cion lena ngabhann intinn ag an duine a chúisítear rud éigin atá ina choimeád nó faoina rialú a úsáid, nó a chur faoi deara nó a cheadú é a úsáid, chun damáiste a dhéanamh do mhaoín ar chaoi mar a dúradh.

(2) Aon duine a chúiseofar i gcion lena mbaineann an t-alt seo measfar, chun críocha an Achta seo, leithscéal dleathach a bheith aige cibé acu a mheasfaí nó nach measfaí chun na gcríoch sin leithscéal dleathach a bheith aige ar leith ón bhfo-alt seo—

(a) má chreid sé, an tráth a rinneadh an gníomh nó na gníomhartha a líomhnaítear gurb é an cion é nó gurb iad an cion iad, go raibh an duine nó na daoine a chreid sé a bhí i dteideal toiliú leis an damáiste a dhéanamh nó a údarú an damáiste a dhéanamh don mhaoín a bhí i gceist (nó, i gcás ciona faoi alt 5, toiliú lena rochtain nó a rochtain a údarú) tar éis toiliú leis, nó go mbeadh sé nó siad tar éis toiliú leis nó é a údarú dá mbeadh eolas aige nó acu faoin damáiste nó faoin rochtain agus faoi na himthosca a bhain leis nó léi,

(b) i gcás ciona faoi alt 5, más é féin an duine atá i dteideal toiliú le rochtain na sonraí atá i gceist nó atá i dteideal í a údarú, nó

(c) má rinne sé damáiste don mhaoín atá i gceist nó má bhagair sé damáiste a dhéanamh di nó, i gcás ciona faoi alt 4, má bhí ar intinn aige rud éigin a úsáid, nó a chur faoi deara nó a cheadú rud éigin a úsáid, chun damáiste a dhéanamh di, d'fhonn é féin nó duine eile a chosaint nó d'fhonn a mhaoín féin nó maoín duine eile, nó ceart nó leas i maoín a bhí, nó a chreid sé a bhí, dílsithe dó féin nó do dhuine eile, a chosaint agus gur chreid sé, an tráth a rinneadh an gníomh nó na gníomhartha a liomhnaítear gurb é an cion é nó gurb iad an cion iad—

(i) gur ghá é féin nó an duine eile sin nó an mhaoín, an ceart nó an leas a chosaint láithreach, agus

(ii) go raibh nó go mbeadh sé réasúnach, ag féachaint do na himthosca go léir, leas a bhaint as an modh cosanta a úsáideadh nó a beartaíodh a úsáid.

(3) Chun críocha an ailt seo ní bhaineann sé le hábhar cibé acu atá nó nach bhfuil bonn le rud a chreidtear má chreidtear go hionraic é.

(4) Chun críocha fho-alt (2) folaíonn ceart nó leas i maoín aon cheart nó pribhléid i dtalamh nó thar talamh, cibé acu a bhunaítear é le deontas, le ceadúnas nó ar shlí eile.

(5) Ní fhorléireofar an t-alt seo mar alt a chaitheann amhras ar aon chosaint a aithnítear le dlí mar chosaint in aghaidh cúiseamh coiriúil.

7.—(1) Féadfar imeachtaí a thionscnamh i leith ciona faoi alt 2 nó 5 a liomhnaítear a bheith déanta ag duine lasmuigh den Stát i ndáil le sonraí a choinnítear laistigh den Stát nó le maoín eile atá suite ansin, agus féadfar déileáil leis an gcion chun gach críche teagmhasaí mar chion a rinneadh in áit ar bith sa Stát. Imeachtaí.

(2) (a) I gcás ina gcúiseofar duine i gcion faoi alt 2, 3 nó 4 i ndáil le maoín de chuid duine eile—

(i) ní gá an duine ar leis an mhaoín a ainmniú, agus

(ii) toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt, gur le duine eile an mhaoín.

(b) I gcás ina gcúiseofar duine i gcion faoi alt 2 i ndáil le maoin den chineál a dúradh, toimhdeofar freisin, go dtí go suífear a mhalairt, nach raibh an duine a bhí i dteideal toiliú leis an damáiste lena mbaineann, nó a bhí i dteideal é a údarú, tar éis toiliú leis nó é a údarú, murar sonraí an mhaoín i gceist agus murar fostaí nó gníomhaire de chuid an duine a choinníonn na sonraí an duine a chúiseofar.

(c) Beidh feidhm ag *mír (b)* i ndáil le duine a chúiseofar i gcion faoi alt 5 ionann is dá mba thagairt do rochtain an tagairt do dhamáiste agus fara aon mhodhnuithe is gá.

(3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoi alt 2 i ndáil le sonraí nó in iarracht cion den sórt sin a dhéanamh féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é a chiontú sa chion ina gcúisítear é ach go ndlíonn sí é a chiontú i gcion faoi alt 5, é a fháil ciontach sa chion sin.

Dlínse na Cúirte
Dúiche.

8.—Maidir le haon riail dlí a bhaineann dlínse den Chúirt Dúiche cionta a thriail i gcás díospóid maidir le teideal chun maoine a bheith i gceist, ní choiscfidh an riail sin ar an gcúirt sin cionta a thriail faoin Acht seo.

Ordú cúitimh.

9.—(1) Ar aon duine a chiontú i gcion faoi alt 2 arb éard é damáiste a dhéanamh do mhaoín de chuid duine eile, féadfaidh an chúirt, in ionad nó i dteannta déileáil leis in aon slí eile, ordú (dá ngairtear “ordú cúitimh” san Acht seo) a dhéanamh, ar iarratas nó ar shlí eile, á cheangal air cúiteamh i leith an damáiste sin a íoc le haon duine (dá ngairtear an “páirtí díobháilte” san alt seo) a d’fhulaing caillteanas (seachas caillteanas iarmhartach) dá bharr sin.

(2) Is é a bheidh sa chúiteamh is iníoctha faoi ordú cúitimh (lena n-áirítear ordú cúitimh a dhéanfar in aghaidh tuismitheora nó caomhnóra de chuid an duine chiontaithe agus d’ainneoin, i gcás den sórt sin, aon teorann reachtúla eile maidir le méid) cúiteamh de cibé méid (nach mó ná £5,000 i gcás ordú den sórt sin arna dhéanamh ag an gCúirt Dúiche nó cibé méid eile a bheidh forordaithe le dlí de thuras na huaire mar theorainn le dlínse na Cúirte sin i dtort) is cuí leis an gcúirt, ag féachaint d’aon fhianaise agus d’aon uirill a dhéanfaidh an duine ciontaithe nó an t-ionchúisitheoir nó a dhéanfar thar a cheann, agus ní mó é ná méid

na ndamáistí a mbeadh an páirtí díobháilte lena mbaineann i dteideal a ghnóthú, i dtuairim na cúirte, i gcaingean shibhialta i gcoinne an duine chiontaithe i leith an damáiste lena mbaineann.

(3) Ní dhéanfar ordú cúitimh mura mbeidh an páirtí díobháilte lena mbaineann, agus an garchostas a bhaineann leis an damáiste dó a chur ina cheart (nó, más cuí, lena athsholáthar), infhionnta go réidh tráth an chiontaithe lena mbaineann nó laistigh de thréimhse réasúnach dá éis sin.

(4) Le linn di a bheith ag cinneadh an ndéanfaidh sí ordú cúitimh in aghaidh duine, agus le linn an méid a bheidh le híoc ag duine faoi ordú den sórt sin a chinneadh, beidh aird ag an gcúirt—

(a) ar acmhainní an duine, nó

(b) i gcás lena mbaineann alt 99 den *Children Act*, 1908 (a chumhachtaíonn do chúirt a cheangal ar thuismitheoir nó ar chaomhnóir aon fhíneáil, damáistí nó costais a fhorchuirtear ar leanbh nó ar dhuine óg a íoc), ar acmhainní an tuismitheora nó an chaomhnóra,

a mhéid is dealraitheach nó is eol don chúirt iad.

(5) Féadfar foráil a dhéanamh in ordú cúitimh maidir leis an gcúiteamh a íoc i cibé tráthchodanna agus cibé tráthanna a mheasfaidh an chúirt a bheith réasúnach sna himthosca go léir.

(6) Má mheasann an chúirt—

(a) gur chuí fineáil a ghearradh agus ordú cúitimh a dhéanamh, ach

(b) nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an duine ciontaithe chun fineáil chuí agus cúiteamh cuí araon a íoc,

féadfaidh an chúirt, más deimhin léi gur leor na hacmhainní chun a dhlisteanú di déanamh amhlaidh, ordú cúitimh a dhéanamh agus, más deimhin léi gur cuí déanamh amhlaidh ag féachaint do na hacmhainní a bheadh fágtha tar éis an t-ordú a chomhlíonadh, fineáil a ghearradh.

(7) Tráth ar bith tar éis d'ordú cúitimh scor de bheith ar fionraí de bhua alt 10(1) agus sula mbeidh sé comhlíonta nó comhlíonta go hiomlán, féadfaidh an Chúirt Dúiche—

(a) ar iarratas ón duine ciontaithe lena mbaineann—

(i) an méid atá le híoc a laghdú, aon tráthchuid is iníoctha a athrú, nó a ordú nach ndéanfar aon íocaíochtaí nó aon íocaíochtaí eile, faoin ordú más dealraitheach don Chúirt—

(I) nach bhfuil acmhainní an duine chiontaithe leordhóthanach chun an t-ordú a shásamh go hiomlán, nó

(II) tráth is deimhin léi gur tugadh deis don pháirtí díobháilte lena mbaineann uirill a dhéanamh chun na cúirte maidir leis an ábhar agus ag féachaint d'aon uirill den sórt sin a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann, gur lú an damáiste a ndearnadh an t-ordú ina leith ná mar a glacadh leis a bhí sé chun críocha an ordaithe, agus

(ii) más mó aon mhéid a bheidh íoctha faoin ordú ná an méid ar dealraitheach don Chúirt gur cúiteamh réasúnach sa damáiste é, a ordú go ndéanfaidh an páirtí díobháilte an barrachas a aisíoc leis an duine ciontaithe agus, ar an ordú sin a dhéanamh, scoirfidh an t-ordú cúitimh d'éifeacht a bheith leis,

nó

(b) ar iarratas ón bpáirtí díobháilte lena mbaineann, an méid atá le híoc, méid aon tráthchoda nó an líon tráthchodanna is iníoctha, faoin ordú a mhéadú más dealraitheach don Chúirt—

(i) go bhfuil acmhainní an duine chiontaithe leordhóthanach chun na gcríoch ábhartha a dúradh, nó

(ii) tráth is deimhin léi gur tugadh deis don duine ciontaithe lena mbaineann uirill a dhéanamh chun na cúirte maidir leis an ábhar agus ag féachaint d'aon uirill den sórt sin a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann, gur mó an damáiste a ndearnadh an t-ordú ina leith ná mar a glacadh leis a bhí sé chun críocha an ordaithe.

(8) Déileálfar, chun críocha forfheidhmiú, le hordú cúitimh agus le hordú faoi fho-alt (7)(b) ionann is dá mba orduithe iad arna ndéanamh ag an gcúirt lena mbaineann in imeachtaí sibhialta agus, gan dochar d'fhorálacha fho-alt (7), déileálfar le hordú cúitimh chun na geríoch sin ionann is dá mba ordú tráthchoda é de réir bhrí Chuid I den Acht um Fheidhmiú Orduithe Cúirte, 1940.

(9) Déanfar na tagairtí do dhamáistí san alt sin 99 a dúradh a fhorléiriú ionann is dá bhfolóidís tagairtí do chúiteamh faoi ordú cúitimh agus ní bheidh feidhm ag fo-ailt (5) agus (6) den alt sin i ndáil le hordú cúitimh.

(10) Ní dochar an t-alt seo d'aon achtachán eile lena ndéantar foráil le haghaidh íoc cúitimh ag duine a chiontófar i gcion arb éard é damáiste a dhéanamh do mhaoín nó a gcruthófar ar shlí eile go ndearna sé cion den sórt sin.

(11) Má dhéantar ordú cúitimh in aghaidh tuismitheora nó caomhnóra de chuid duine chiontaithe, ní bheidh sé sin ann féin ina bhun le haon dlíteanas eile ar thaobh an tuismitheora nó an chaomhnóra i leith an damáiste lena mbaineann.

(12) San alt seo—

(a) folaíonn tagairtí do dhuine a chiontú tagairtí do dhéileáil le duine faoi alt 1(1) den *Probation of Offenders Act*, 1907, agus

(b) an tríú tagairt i bhfo-alt (1), an chéad tagairt i bhfo-alt (2) agus na tagairtí i bhfo-ailt (6)(b) agus (7) do dhuine ciontaithe, cibé caoi a mbeidh siad sainráite, folaíonn siad, i gcásanna lena mbaineann an t-alt sin 99 a dúradh, tagairtí dá thuismitheoir nó dá chaomhnóir.

10.—(1) Déanfar oibriú ordaithe cúitimh a fhionraí—

Ordú cúitimh a fhionraí fad a bheidh achomharc ar feitheamh.

(a) in aon chás, go dtí go mbeidh mí amháin caite ó dháta an chiontaithe lena mbaineann an t-ordú, agus

(b) i gcás ina dtabharfar fógra achomhairc, nó fógra ag iarraidh ceada achomhairc, i gcoinne an chiontaithe nó na pianbhreithe, laistigh de mhí amháin ó dháta an chiontaithe, go dtí go ndéanfar an t-achomharc nó aon achomharc eile ina choinne

a chinneadh go críochnaitheach nó a thréigean nó go mbeidh an gnáth-am chun aon achomharc eile a thionscnamh imithe in éag.

(2) I gcás ina bhfionrófar oibriú ordaithe cúitimh faoi fho-alt (1)(b), ní ghlacfaidh an t-ordú éifeacht má dhéantar an ciontú lena mbaineann a fhreaschur ar achomharc.

(3) Féadfaidh cúirt a éistfidh achomharc i gcoinne ciontaithe nó pianbhreithe an t-ordú cúitimh lena mbaineann a chealú nó a athrú.

(4) Féadfaidh aon duine a ndéanfar ordú cúitimh ina aghaidh achomharc a dhéanamh i gcoinne an ordaithe chuig an gcúirt a bhféadfar achomharc i gcoinne an chiontaithe lena mbaineann a dhéanamh chuici, agus beidh feidhm ag fo-alt (1)(b) agus (3) i ndáil le hachomharc faoin bhfo-alt seo amhail mar atá, nó mar a bheadh, feidhm acu maidir le hachomharc i gcoinne an chiontaithe.

(5) San alt seo folaíonn tagairtí do dhuine a chiontú tagairtí do dhéileáil le duine faoi alt 1(1) den *Probation of Offenders Act*, 1907.

Éifeacht ordaithe
cúitimh ar imeachtaí
sibhialta.

11.—Más rud é—

(a) go mbeidh ordú cúitimh déanta i bhfabhar duine i leith damáiste d'aon mhaoín, agus

(b) go mbeidh damáistí i leith an damáiste le measúnú in imeachtaí sibhialta, ansin—

(i) más mó na damáistí, arna measúnú amhlaidh, ná aon mhéid a íocadh faoin ordú cúitimh, ní mó na damáistí a bheidh le dámhachtain ná méid na breise sin, agus

(ii) más mó aon mhéid a íocadh faoin ordú cúitimh ná na damáistí arna measúnú amhlaidh, féadfaidh an chúirt a ordú go ndéanfaidh an duine sin méid na breise a aisíoc leis an duine a ndearnadh an t-ordú cúitimh ina aghaidh,

agus, ar an gcúirt do dhámhachtain damáistí nó, de réir mar a bheidh, do dhéanamh an ordaithe, scoirfidh an t-ordú cúitimh d'éifeacht a bheith leis.

12.—(1) Baineann an t-alt seo le cion faoin Acht seo seachas alt 5 nó 13(4). Gabháil gan bharántas.

(2) Féadfaidh duine ar bith aon duine atá, nó a bhfuil drochamhras le cúis réasúnach aige air go bhfuil sé, ag déanamh ciona lena mbaineann an t-alt seo, a ghabháil gan bharántas.

(3) I gcás cion lena mbaineann an t-alt seo a bheith déanta, féadfaidh duine ar bith aon duine atá, nó a bhfuil drochamhras le cúis réasúnach aige air go bhfuil sé, ciontach sa chion, a ghabháil gan bharántas.

(4) Má tá drochamhras, le cúis réasúnach, ag comhalta den Gharda Síochána go bhfuil cion lena mbaineann an t-alt seo nó cion faoi alt 13 (4), déanta, féadfaidh sé aon duine a bhfuil drochamhras le cúis réasúnach aige air go bhfuil sé ciontach sa chion a ghabháil gan bharántas.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána aon duine atá, nó a bhfuil drochamhras le cúis réasúnach aige air go bhfuil sé, ar tí cion lena mbaineann an t-alt seo a dhéanamh, a ghabháil gan bharántas.

(6) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, d'fhonn duine a ghabháil faoi aon chumhacht a thugtar leis an alt seo, dul isteach (le forneart más gá) agus cuardach a dhéanamh in aon áit a bhfuil an duine sin ann nó a bhfuil drochamhras le cúis réasúnach ag an gcomhalta go bhfuil sé ann.

(7) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le hiarracht cion a dhéanamh amhail mar atá feidhm aige maidir leis an gcion sin a dhéanamh.

(8) Ní dochar an t-alt seo d'aon chumhacht ghabhála a thugtar le dlí ar leith ón alt seo.

13.—(1) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, ar bhonn faisnéise faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána, go bhfuil cúis réasúnach ann chun a chreidiúint go bhfuil aon rud i gcoimeád nó faoi rialú aon duine, nó in áitreabh aon duine, agus gur úsáideadh an rud sin nó go mbeartaítear é a úsáid, gan leithscéal dleathach—

(a) chun damáiste a dhéanamh do mhaoín de chuid duine eile,

(b) chun damáiste a dhéanamh d'aon mhaoín ar chaoi is dócha a chuirfidh beatha duine eile i mbaol nó le hintinn calaois a dhéanamh, nó

(c) chun sonraí a rochtain nó le hintinn sonraí a rochtain,

féadfaidh an breitheamh barántas cuardaigh a luaitear i bhfo-alt (2) a eisiúint.

(2) Beidh sé sainráite i mbarántas cuardaigh a eiseofar faoin alt seo go n-údaraíonn sé, agus oibreoidh sé chun a údarú, do chomhalta ainmnithe den Gharda Síochána, i dteannta cibé comhaltaí eile den Gharda Síochána is gá, dul isteach le forneart más gá san áitreabh a bheidh ainmnithe sa bharántas aon tráth nó tráthanna laistigh de mhí amháin ó dháta an bharántais a eisiúint, an t-áitreabh agus aon daoine a gheofar ann a chuardach, aon rud a chreideann sé a úsáideadh nó a bheartaítear a úsáid mar a dúradh a urghabháil agus a choinneáil agus, más sonraí an mhaoín lena mbaineann nó má eisíodh an barántas cuardaigh ar fhoras dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(c), aon trealamh san áitreabh chun sonraí a phróiseáil a oibriú nó a chur faoi deara do dhuine atá ina theannta chun na críche sin é a oibriú, aon sonraí a gheofar ansin a iniúchadh agus faisnéis a thógáil astu, cibé acu tríd an trealamh sin a oibriú nó ar shlí eile.

(3) Beidh feidhm ag an *Police (Property) Act*, 1897, maidir le maoín atá tagtha faoi sheilbh an Gharda Síochána faoin alt seo amhail mar atá feidhm aige maidir le maoín atá tagtha faoi sheilbh an Gharda Síochána sna himthosca a luaitear san Acht sin.

(4) Aon duine—

(a) a chuirfidh bac nó treampán ar chomhalta den Gharda Síochána ag gníomhú dó faoi údarás barántais cuardaigh a eisíodh faoin alt seo, nó

(b) a gheobhaidh comhalta den Gharda Síochána ag gníomhú dó mar a dúradh san áitreabh nó ag an áitreabh a bheidh sonraithe sa bharántas agus a mhainneoidh nó a dhiúltóidh a ainm agus a sheoladh a thabhairt don chomhalta nuair a cheanglóidh an comhalta air déanamh amhlaidh nó a thabharfaidh ainm nó seoladh dó atá bréagach nó míthreorach,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair—

(i) i gcás ciona faoi mhír (a), fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air, agus

- (ii) i gcás ciona faoi mhír (b), fineáil nach mó ná £500 a chur air.

14.—(1) Cealaítear leis seo an cion faoin dlí coiteann is coirloscadh.

Mionathruithe agus athruithe iarmhartacha ar an dlí láithreach.

(2) Leasaítear leis seo an *Malicious Damage Act*, 1861—

- (a) trí “telegraph (within the meaning of the Telegraph Acts, 1863 to 1916)” a chur in ionad “Electric or Magnetic Telegraph” in alt 37, agus

(b) trí “shall be liable—

- (a) on summary conviction, to a fine not exceeding £1,000 or imprisonment for a term not exceeding 12 months or both, and

- (b) on conviction on indictment, to a fine not exceeding £10,000 or imprisonment for a term not exceeding 10 years or both.”

a chur in ionad—

- (i) na bhfocal ó “shall be liable” go dtí deireadh an ailt, in alt 40, agus

- (ii) na bhfocal ó “shall, on conviction thereof” go dtí deireadh an ailt, in alt 41.

(3) Ní dhéanfaidh cealú an chiona faoin dlí coiteann is coirloscadh, ar cealú é a dhéantar le fo-alt (1), difear d’oibriú alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976, agus oibriú mhír 3 den Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, agus ní dhéanfaidh aisghairm ailt 1 go 7 den *Malicious Damage Act*, 1861, ar aisghairm í a dhéantar le halt 15, difear d’oibriú na n-alt sin chun críocha an ailt sin 2 agus mhír 6 den Sceideal sin; agus beidh éifeacht dá réir sin leis an alt sin 2 agus leis an Sceideal sin ionann is dá mba nár achtaíodh fo-alt (1) agus alt 15.

(4) Tráth thosach feidhme an fho-ailt seo—

- (a) scoirfidh fo-alt (3) d’éifeacht a bheith leis,

(b) aisghairfear alt 21(2) den Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976, agus mír 3 den Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, agus

(c) cuirfear na míreanna seo a leanas in ionad mhír 6 den Sceideal sin:—

“Damáiste Coiriúil

6. Aon chion faoi alt 35 (cur isteach ar iarnród) den *Malicious Damage Act*, 1861.

6A. Aon chion faoi fho-ailt (1) agus (4) nó fo-ailt (2) agus (4) d’alt 2 den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 (coirloscadh).”.

Aisghairm.

15.—Aisghairtear leis seo an *Malicious Damage Act*, 1861 (seachas ailt 35 go 38, 40, 41, 47, 48, 58 agus 72).

Gearrtheideal agus
tosach feidhme.

16.—(1) Féadfar an tAcht um Dhamáiste Coiriúil, 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo (seachas alt 14(4)) i ngníomh mí amháin tar éis dháta a rite.

(3) Tiocfaidh alt 14(4) i ngníomh cibé lá a shocrófar chuige sin le hordú arna dhéanamh ag an Aire Dlí agus Cirt.